**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**Scrúduimhir an Iarrthóra**
☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2013

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 11 MEITHEAMH 2013 – MAIDIN 9.30 – 12.00

# ROINN A

**(80 marc)**

- Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- Freagair **GACH** ceist.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí da réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN A

**(80 marc)**

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas i gcúrsaí ioncaim. Cad dó a seasann siad?

| | |
|---|---|
| **ÍMAT** | |
| **MSU** | |
| **ÁSPC** | |

**2.** Sainaithin sampla **amháin** d'Ioncam Caipitiúil an Rialtais agus sampla **amháin** de Chaiteachas Caipitiúil an Rialtais.

| | |
|---|---|
| **IONCAM CAIPITIÚIL** | |
| **CAITEACHAS CAIPITIÚIL** | |

**3.** Líon na **trí** bhosca bhána uimhrithe ó **(i)** go **(iii)** chun an sliocht thíos as Clár Comhardaithe a chomhlánú:

| **Clár Comhardaithe Achomair ar an 31-12-2012** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| **(i)** | | |
| Scairchaipiteal | | 100,000 |
| Cúlchiste | | **(ii)** |
| | | 400,000 |
| Fiachais Fhadtéarmacha | | 130,000 |
| **(iii)** | | 530,000 |

**4.** Tá na figiúirí seo a leanas sna Cuntais Chríochnaitheacha ag cuideachta:

**Stoc Tosaigh €30,000 Costas Díolacháin €450,000 Stoc Deiridh €15,000**

Ríomhtar Láimhdeachas Stoic mar seo a leanas: $\dfrac{\text{Costas Díolachán}}{\text{Meánstoc}}$

Agus tú ag baint úsáide as na figiúirí thuas, ríomh an Láimhdeachas Stoic.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra** |
|---|
| uaire |

| Obair |
|---|
| |

**5.** Mínigh **dhá** chúis a n-ullmhaíonn feirmeoirí cuntais.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**6.** Ar 8 Meitheamh 2013, dhíol B. Mac Adaim, báicéir, earraí ar €50.00 airgead tirim. Ní raibh CBL ar bith le híoc ar na hearraí seo.

Comhlánaigh na **cuntais mhórleabhair le B**. **Mac Adaim** anseo a thíos agus taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe ó **(i)** to **(iv)**:

**(i) Cuntas** ______________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2013<br>8 Meitheamh | **(ii)** | 50.00 | | | |

**(iii) Cuntas** ______________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2013<br>8 Meitheamh | **(iv)** | 50.00 |

**7.** Comhlánaigh **agus** comhardaigh an Cuntas Rialacháin Creidiúnaithe ar 31 Bealtaine 2013 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid Creidiúnaithe ar 1 Bealtaine 2013 | 4,400 |
| Ceannacháin iomlána creidmheasa i mí na Bealtaine | 9,300 |
| Airgead tirim iomlán íoctha le creidiúnaithe i mí na Bealtaine | 11,900 |

| Dr | **Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe** | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**8.** Luaigh **trí** fheidhm a bhaintear as Teicneolaíocht Faisnéise sa teaghlach.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**9.** Cuir tic (✓) sa cholún/sna colúin cuí chun a thaispeáint cén áit i gCuntais Chríochnaitheacha Fiaclóra (gnó seirbhíse) ba cheart na míreanna seo a leanas a iontráil ar 31/12/2012:

| | **Ráiteas Oibriúcháin** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|
| Trealamh | | |
| Ioncam ó Othair | | |
| Stoc d'Ábhair Fiaclóireachta 31/12/2012 | | |

**10.** Luaigh **dhá** phrionsabal i ndlithe tomhaltais na hÉireann a bhaineann le fógraíocht.

(i) ____________________

____________________

(ii) ____________________


____________________

**11.** Iontráil na hiarmhéideanna seo a leanas i Leabhar Cúnta Ginearálta Uí Chuimín Tta atá páirt-chomhlánaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2013 | Foirgnimh | €520,500 |
| | Creidiúnaithe | €12,800 |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | €513,600 |

| **Ó Cuimín Tta – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Banc | $LA_1$ | 5,900 | |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | | |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | |
| | Gnáth-scairchaipiteal | $MLG_2$ | | |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Uí Chuimín Tta ar an dáta seo.* | | | |

**12.** Comhlánaigh an Chairt Eagraíochta do chuideachta theoranta a bhfuil ceithre roinn inti, agus líon na **trí** bhosca bhána:




**13.** Comhlánaigh an sliocht seo a leanas as sonrasc:

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | **900.00** |
| Lascaine Thrádála **15%** | |
| Fo-iomlán | |
| CBL **23%** | |
| Iomlán (CBL san áireamh) | |

**14.** Úsáid an t-eolas atá agat ar airgeadraí agus comhlánaigh an tábla thíos :

| **Tír** | | **Airgeadra** |
|---|---|---|
| **(i)** | An Ríocht Aontaithe | |
| **(ii)** | An tSeapáin | |
| **(iii)** | S.A.M. (U.S.A) | |

**15.** (i) Ba é an costas maireachtála i dtír sa bhliain 2011 ná €8,500. Sa bhliain 2012, €8,755 a bhí ann.

Ríomh an ráta boilscithe. (Taispeáin do chuid oibre.)

| **Freagra** |
| --- |
| % |

| Obair |
| --- |
| |

(ii) In Éirinn, cad a thugtar ar thomhas oifigiúil an bhoilscithe?

______________________________________________

**16.** Scrúdaigh an bealach dáilte seo a leanas:

**DÉANTÓIR** ⟶ **TOMHALTÓIR**

(i) Luaigh táirge nó seirbhís a bheadh oiriúnach don bhealach dáilte seo.

______________________________________________

(ii) Luaigh buntaiste **amháin** a bheadh ag an déantóir **nó** an tomhaltóir as an mbealach dáilte seo?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**17.** I **gColún 1** tá Téarmaí a bhaineann le Margaíocht. I g**Colún 2** tá liosta Ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na Téarmaí Margaíochta seo.

*(Tá ráiteas amháin ann nach mbaineann le Téarma Margaíochta ar bith díobh. )*

| Téarmaí Margaíochta | Ráitis |
|---|---|
| **1.** Spriocmhargadh | **A.** Eolas a bhailiú ó fhoinsí atá ar fáil cheana |
| **2.** Cumasc Margaíochta | **B.** Tá súil ann go mbeidh na daoine seo ina gcustaiméirí |
| **3.** Taighde Deisce | **C.** Eolas a bhailiú ó agallaimh |
| | **D.** Táirge, Praghas, Áit agus Cur Chun Cinn |

Meaitseáil an dá liosta ar trí litir an ráitis atá ceart a chur faoin uimhir ábhartha thíos:

| 1. | 2. | 3. |
|---|---|---|
| | | |

**18.** Iontráil an beart seo a leanas i Leabhar Aischur Amach Ó Díoman Tta:

Ar 9 Bealtine 2013, chuir Ó Díoman Tta earraí de luach €12,500 ar ais chuig Páirc Tta (Nóta Creidmheasa Uimh. 10). Is é an ráta CBL a bhí ar na hearraí seo ná 23%.


| **Ó Díoman Tta – Leabhar Aischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

**19.** Comhlánaigh an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais agus lion na **trí** bhosca bhána uimhrithe **(i)** go **(iii)**, ón eolas seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Scairchaipiteal Údaraithe | €900,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe | €800,000 |
| Díbhinní íoctha | 2% |

| **Cuntas leithghabhála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31-12-2012** | | |
|---|---|---|
| | | € |
| Brabús Glan | | **90,000** |
| Lúide Díbhinní | | **(i)** |
| **(ii)** | | **(iii)** |
| | | |

**20.** Sainaithin **trí shaghas** éagsúla cumarsáide atá ar taispeáint thíos. Scríobh do fhreagraí sna boscaí faoi gach ceann acu.

<table>
<tr>
<td></td>
<td>
</td>
<td>ABC Tta<br>Meabhrán<br>Ó: Máirtín Ó Corbáin<br>Dáta: 11 Meitheamh 2013<br><br>Cuimhnigh, le do thoil, go mbeidh Cruinniú Foirne ann amárach ar 11.00 r.n.</td>
</tr>
<tr>
<td>(i)</td>
<td>(ii)</td>
<td>(iii)</td>
</tr>
</table>

## Le húsáid le Roinn B - Ceist 1(A)

**Ráiteas Comparáide Buiséid le haghaidh theaghlach Uí Fheinneadha don bhliain 2012**

| IONCAM | **Buiséad Ean – Noll €** | **Iarbhír €** | **Difríocht €** |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | 42,500 | | |
| Sochar leanaí | 3,360 | | |
| Ús | 200 | | |
| Eile | | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 46,060 | | |
| CAITEACHAS | | | |
| *Seasta* | | | |
| Morgáiste | 12,600 | | |
| Árachas gluaisteáin | 430 | | |
| Árachas tí | 640 | | |
| Fo-iomlán | 13,670 | | |
| *Neamhrialta* | | | |
| Costais teaghlaigh | 7,200 | | |
| Costais ghluaisteáin | 1,800 | | |
| Costais éadaí agus bróg | 2,050 | | |
| Costais solais agus teasa | 3,400 | | |
| Árachas sláinte | 2,300 | | |
| Fo-iomlán | 16,750 | | |
| *Roghnach* | | | |
| Costais siamsaíochta | 2,400 | | |
| Bronntanais | 600 | | |
| Laethanta saoire | 4,300 | | |
| Fo-iomlán | 7,300 | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 37,720 | | |
| Airgead Tirim Glan | 8,340 | | |
| Airgead TirimTosaigh | 1,200 | | |
| Airgead Tirim Deiridh | 9,540 | | |

***Nóta**: Ná líon na boscaí scáthaithe*

**Le húsáid le Roinn B – Ceist 1(B agus C)**

**1. (B)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Cén t-airgead tirim deiridh a bhí buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2012? | **Freagra**: | € |
| (ii) | Cé mhéad a bhí buiséadaithe ag teaghlach Uí Fheinneadha le coigilt i rith na bliana 2012? | **Freagra**: | € |
| (iii) | Luaigh an méid a chaith teaghlach Uí Fheinneadha anuas ar a gcaiteachas iomlán buiséadaithe. | **Freagra**: | € |
| (iv) | Cén t-airgead tirim deiridh iarbhír a bhí acu ag deireadh 2012? | **Freagra**: | € |

(v) Mínigh cúis **amháin** a raibh an t-árachas gluaisteáin níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.

______________________________

______________________________

______________________________

**1. (C)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phíosa comhairle airgeadais a thabharfá do theaghlach Uí Fheinneadha de bharr an Bhuiséid 'Iarbhír' i 2012.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

| | | | |
|---|---|---|---|
| (ii) | Ainmnigh an cháin atá iníoctha ar an ús a fhaigheann teaghlach Uí Fheinneadha. | **Cáin**: | |

| Le húsáid le Roinn B - Ceist 3 (B) (i) |
|---|

| | |
|---|---|
| **(B)** (i) | Déan barrachairt chun an t-eolas a thaispeáint. |

**Le húsáid le Roinn B - Ceist 4 (A)** (i)

## Árachas Mhic an Bháird – Foirm Éilimh

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Seoladh | |
| Uimhir Pholasaí | |
| Slí Bheatha | |

**Sonraí Caillteanais/Damáiste**

| | |
|---|---|
| Dáta | |
| Láthair | |

| Sonraí earraí caillte/damáistithe | Luach (€) | Dáta a Ceannaíodh |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ar tuairiscíodh an caillteanas/damáiste don Gharda Síochána? *(Cuir tic(✓) le Tuairiscíodh nó Níor Tuairiscíodh.)* | Tuairiscíodh | | Níor Tuairiscíodh | |

| | | |
|---|---|---|
| Má 'Tuairiscíodh', comhlánaigh an roinn seo, le do thoil: ⇨ | Dáta tuairiscithe | |
| | Stáisiún Gardaí | |
| | An Garda a ghlac na sonraí | |

| | |
|---|---|
| Sínithe | |
| Dáta | |

## Doiciméad le húsáid le Roinn B – Ceist 6 (A) (ii)

**Obair**

| **Ollphá** | **ÍMAT** |
|---|---|
| | |
| **Creidmheas Cánach** | **Eile** |
| | |

(ii)

| **Duillín Pá** | | |
|---|---|---|
| Ainm: | | |
| Uimh. Seachtaine: | | |
| | | |
| Bunphá | € | |
| Ragobair | € | |
| **Ollphá** | → | € |
| Creidmheas Cánach | € | |
| **Asbhaintí** | | |
| ÍMAT | € | |
| ÁSPC/MSU | € | |
| Árachas Sláinte | € | |
| Coigilteas | € | |
| **Asbhaintí Iomlána** | → | € |
| **Glanphá** | → | € |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN ROINN 'A' SEO A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

2013. S43T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2013

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 11 MEITHEAMH 2013 – MAIDIN 9.30 - 12.00

# ROINN B

**(160 marc)**

- Tá 40 marc ag gabháil le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí da réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

1. **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Nuair a scrúdaigh teaghlach Uí Fheinneadha a Leabhar Airgid Miondealaithe ag deireadh mhí na Nollag 2012, fuair siad amach go raibh difríocht idir a n-ioncam agus a gcaiteachas iarbhír sa dá mhí dhéag agus na figiúirí buiséadaithe (atá ar fáil sa Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 10 de Roinn A*). Na rudaí seo a leanas ba chúis leis an difríocht:

- Tháinig laghdú de 7% ar thuarastail theaghlach Uí Fheinneadha.
- Tá beirt pháistí sa teaghlach. Laghdaíodh an sochar leanaí míosúil do gach páiste de €14 ó 1 Aibreán 2012.
- Bhí an t-ús iarbhír a fuair siad don bhliain 3% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe, de bharr méadú ar an gcáin a bhí le h-íoc ar an ús.
- Bhuaigh teaghlach Uí Fheinneadha €1,000 i raifil i gclub áitiúil.
- Tháinig méadú de €75 in aghaidh na míosa ar íocaíochtaí morgáiste ó 1 Feabhra 2012.
- Bhí €30 níos lú na mar a bhí buiséadaithe ar árachas gluaisteáin.
- Tharla dóiteán sa chistin i dteaghlach Uí Fheinneadha agus, dá bharr sin, bhí a n-árachas tí 15% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí costais teaghlaigh 7½% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí na costais ghluaisteáin 12% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí na costais éadaí agus bróg mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí na costais solais agus teasa €12 in aghaidh na míosa níos mó ná mar a bhí buiséadaithe.
- Bhí an t-árachas sláinte 5% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe, toisc gur athraigh siad a gcuideachta árachais sláinte.
- Bhí na costais siamsaíochta €50 níos lú in aghaidh na míosa ach amháin don dá mhí, Márta agus Nollaig.
- Chosain bronntanais €400 sa bhreis de bharr Laethanta Chéad Chomaoineach agus Cóineartaithe sa teaghlach.
- Chosain laethanta saoire an teaghlaigh 6% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.

**(A)** Bain úsáid as an Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 10 de Roinn A,* agus iontráil na figiúirí cuí sa cholún '**Iarbhír**'.

Taispéan sa hcolún '**Difríocht**' na difríochtaí idir na figiúirí '**Iarbhír**' agus na figiúirí sa cholún '**Buiséad**'. Úsáid comhartha **móide** nó **lúide** roimh gach figiúr sa cholún sin.

Nóta: Úsáid an comhartha '**móide**' má tá an figiúr '**Iarbhír**' NÍOS MÓ ná an figiúr '**Buiséad**'.
Úsáid an comhartha '**lúide**' má tá an figiúr '**Iarbhír**' NÍOS LÚ ná an figiúr '**Buiséad**'.

Sampla:

| | **Buiséad** | **Iarbhír** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| | 500 | 800 | + 300 |
| | 900 | 120 | - 780 |
| Iomlán | 1,400 | 920 | - 480 |

(22)

Freagair na codanna seo a leanas (B) agus (C) sna spásanna atá curtha ar fáil *ar leathanach 11 de Roinn A*.

**(B)** (i) Cén t-airgead tirim deiridh a bhí buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2012?

(ii) Cé mhéad a bhí buiséadaithe ag teaghlach Uí Fheinneadha le coigilt i rith na bliana 2012?

(iii) Luaigh an méid a chaith teaghlach Uí Fheinneadha anuas ar a gcaiteachas iomlán buiséadaithe.

(iv) Cén t-airgead tirim deiridh iarbhír a bhí acu ag deireadh 2012?

(v) Mínigh cúis **amháin** a raibh an t-árachas gluaisteáin níos lú ná mar a bhí buiséadaithe.

(10)

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phíosa comhairle airgeadais a thabharfá do theaghlach Uí Fheinneadha de bharr Bhuiséad 'Iarbhír' 2012.

(ii) Ainmnigh an cháin atá iníoctha ar an ús a fhaigheann teaghlach Uí Fheinneadha.

(8)
**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo faoi Chuntas Club**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Bhí stoc tosaigh de €1,300 sa siopa ag Club Dornálaíochta na Carraige ar 1 Eanáir 2012.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012:

| **Fáltais**: | **€** |
|---|---|
| Díolacháin sa siopa | 4,750 |
| Ioncam ó ócáid tiomsaithe airgid Tarraingt Téide | 3,670 |
| Urraíocht Bhliantúil | 5,200 |
| Díolacháin Lató Club | 5,900 |
| Síntiúis | 7,960 |
| | |
| **Íocaíochtaí**: | **€** |
| Deisiúcháin ar Dhaingneáin | 920 |
| Ceannach Trealaimh | 6,300 |
| Árachas | 6,720 |
| Ceannacháin don siopa | 2,900 |
| Costais Lató Club | 4,830 |
| Solas agus Teas | 3,625 |
| Caiteachas ar an Tarraingt Téide | 1,590 |
| Ilchostais | 5,320 |

Eolas breise ar 31 Nollaig 2012:

(i) Stoc sa Siopa €900
(ii) Árachas réamhíoctha €840
(iii) Síntiúis réamhíoctha €140
(iv) Solas agus Teas dlite €325
(v) Trealamh le dímheas de 20%.

**(A)** Ullmhaigh:
(i) Cuntas Trádála Siopa don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012.
(ii) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012.

(34)

**(B)** Ag an CGB (AGM) mhol an t-Oifigeach Club a thugann tuairisc ar na cuntais do na baill, go raibh gá le seomraí gléasta nua a thógáil a chosnódh €50,000.

(i) Cén teideal atá ar an Oifigeach Club a thugann tuairisc ar na cuntais do na baill?

(ii) Luaigh agus mínigh foinse airgeadais **amháin** oiriúnach a d'fhéadfadh Club Dornálaíochta na Carraige a úsáid chun tógáil na seomraí nua gléasta a mhaoiniú.

(6)
**(40 marc)**

3. **Ceist í seo a bhaineann le Tosca Táirgeachta, Caiteachas Náisiúnta agus Feasacht Eacnamaíochta**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Luaigh agus mínigh **trí** thoisc tháirgeachta **agus** an luach saothair/íocaíocht a bhaineann le gach ceann díobh.

(12)

**(B)** Thug an Rialtas na figiúirí seo a leanas mar Chaiteachas Réamh-mheasta don bhliain 2013:

| **Príomh-mhíreanna Caiteachais** | **Figiúirí Measta ina Milliúin €** |
|---|---|
| Seirbhísí Sláinte | 2,500 |
| Oideachas agus Scileanna | 1,750 |
| Coimirce Shóisialach | 2,000 |
| Fónamh d'Fhiachais | 1,500 |
| Eile | 750 |

(i) Déan barrachairt chun an t-eolas thuas a thaispeáint *ar leathanach 12 de Roinn A*.

(ii) Dúirt an t-Aire Oideachais agus Scileanna go mbeadh air roghanna a dhéanamh de dheasca acmhainní teoranta ina roinn agus go mbeadh deischostas ag baint lena chinntí.

Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu thuas.

(iii) Faoi láthair tagann an Troika ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE), ón gCoimisiún Eorpach (CE) agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) ar chuairteanna rialta go hÉirinn chun monatóireacht a dhéanamh ar ár staid airgeadais, ar ár dtarrtháil bhanc agus ar ár n-easnamh sa bhuiséad.

Mínigh an téarma 'easnamh sa bhuiséad'.

(iv) Mol **dhá** shlí ina bhféadfadh Éire an t-easnamh seo a laghdú.

(28)
**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo faoi Árachas**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Ar 1 Bealtaine 2013, goideadh iPad le Wi-Fi + Ceallach nua le mac léinn, Seán Mac an Iarla, An Ché, An Daingean, Co. Chiarraí, nuair a bhí sé ar cuairt ag a dheartháir Diolún i dTrá Lí, Co. Chiarraí. Thug Sean tuairisc ar an ngadaíocht do Gharda Sinéad Ní Fhoghlú ag stáisiún áitiúil an Gharda Síochána. Dúirt sé léi gur cheannaigh sé an iPad ar 25 Aibreán 2013. Bhí an iPad faoi árachas ar luach €569 le hÁrachas Mhic an Bhaird Tta (Polasaí Uimh. 525921RD).

Ar 8 Bealtaine 2013, chomhlánaigh Seán foirm éilimh dá chuideachta árachais.

(i) Comhlánaigh an fhoirm éilimh le haghaidh Árachas Mhic an Bhaird Tta, ag baint úsáide as an doiciméad bán ar *leathanach 13 de Roinn A*.

(ii) Cé mhéad cúitimh atá Seán i dteideal a fháil?

(iii) Luaigh agus mínigh an prionsabal árachais a bhaineann leis an gcúiteamh a gheobhaidh sé.

(iv) Luaigh agus mínigh prionsabal árachais a bheadh i gceist nuair a bhí Seán ag ceannach árachais dá iPad.

(23)

**(B)** Cheannaigh Diolún a chéad ghluaisteán le déanaí. Tá sé 22 bhliain d'aois agus tá ceadúnas sealadach aige. Chuir sé glaoch ar chuideachta árachais chun luachan a fháil le haghaidh clúdach tríú páirtí agus clúdach cuimsitheach. Dúirt an duine a bhí ag ríomh na luachana go mbeadh ualú curtha leis an mbunphréimh.

(i) Luaig **dhá** chúis a mbeadh ualú ar arachas carr Dhiolan.

(ii) Mínigh an difríocht idir clúdach tríú páirtí agus clúdach cuimsitheach.

(iii) Cén teideal atá ar an oifigeach sa chuideachta árachais a ríomhann an phréimh?

(17)
**(40 marc)**

**5.** **Seo Ceist ar Iasachaíocht**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá Niall Ó Dálaigh, a chónaíonn ag An Trá, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall, ag smaoineamh ar scútar a cheannach. Tá taighde déanta aige ar chúrsaí airgeadais agus léigh sé faoi fhruilcheannach agus faoi iasacht a fháil. Rinne sé teagmháil lena chara Éanna de Paor, An tSráid Mhór, Maothail, Co. Liatroma, chun comhairle a fháil uaidh cé acu sórt airgeadais seo.

**(A)** Dréacht litir, ag úsáid dáta an lae inniu duit, a scríobhann Éanna chuig Niall ina mínítear fruilcheannach agus iasacht mar mhodhanna airgeadais agus na ceartanna a bheadh ag gabháil le gach rogha (ceart amháin i ngach cás).

(22)

**(B)** Beartaíonn Niall an scútar a cheannach ar €4,500. Tá na roghanna seo a leanas aige:

Rogha 1: Fruilcheannach: Éarlais de €350 agus 30 tráthchuid de €210 an ceann.

Rogha 2: Iasacht: €4,500 ar 10.5% RCB (APR) ar feadh 3 bliana, agus méid na hiasachta ag laghdú de réir €1,500 gach bliain.

(i) Ríomh costas iomlán **gach** rogha. Taispeáin do chuid oibre.

(ii) Cé acu rogha díobh a mholfá? Tabhair **dhá** cúiseanna le do fhreagra.

(18)
**(40 marc)**

**6.** **Baineann an Cheist seo le Pá agus le Daoine ag Obair**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Tá Pádraigín Ní Chatháin fostaithe mar phríomhchócaire ag Café Lani Tta. 39 uair sa tseachtain a gnáthsheachtain oibre ach uaireanta déanann sí ragobair. Is é a bunphá ná €702 ar sheachtain 39 uair. Íoctar pá ragoibre de réir am go leith don chéad chúig uaire agus am dúbailte ar uaireanta sa bhreis ina dhiaidh sin. I Seachtain Uimh. 26 rinne sí 45 uair oibre.

Íocann Pádraigín ÍMAT ar ráta 41% agus ÁSPC/MSU ar 10.5%. Is é a creidmheas cánach bliantúil ná €6,240. Íocann sí €24 ar Árachas Sláinte agus infheistíonn sí €50 i gciste coigiltis. Baineann a fostóir an dá shuim seo óna pá.

(i) Mínigh an téarma 'creidmheas cánach'.

(ii) Comhlánaigh duillín pá Phádraigín do Sheachtain Uimh. 26 ag baint úsáide as an doiciméad bán *ar leathanach 14 de Roinn A*. Taispeáin do chuid oibre *(ar an leathanach céanna*).

(iii) Ag baint úsáid as Duillín Pá Phádraigín sainaithin:
- Ioncam sa bhreis
- Asbhaintí Neamh-reachtúla.

(28)

**(B)** Gach deireadh seachtaine, déanann Pádraigín obair dheonach le Focus Ireland, carthanas ar son daoine gan dídean.

(i) An obair í seo, nó fostaíocht? Tabhair cúis le do fhreagra.

(ii) Tabhair cuntas ar **dhá** scil atá ag Pádraigín a théann chun tairbhe do Focus Ireland.

(12)
**(40 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán